

**An Bhruiséil, 22 Meán Fómhair 2025
(OR. en)**

13068/25

**Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0301 (NLE)**

**ECOFIN 1217
UEM 462
FIN 1094
ECB
EIB**

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	19 Meán Fómhair 2025
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2025) 556 final
Ábhar:	Togra le haghaidh CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 10150/21 INIT; ST 10150/21 ADD 1 REV 2) an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 556 final.

Faoi iamh: COM(2025) 556 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 19.9.2025
COM(2025) 556 final

2025/0301 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 10150/21 INIT; ST 10150/21
ADD 1 REV 2) an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean
téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne**

{SWD(2025) 276 final}

Togra le haghaidh

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 10150/21 INIT; ST 10150/21 ADD 1 REV 2) an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta¹, agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tar éis don Spáinn an plan náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta a chur isteach an 30 Aibreán 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. D'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin Chinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 ón gComhairle². Leasaíodh an Cinneadh Cur Chun Feidhme sin an 17 Deireadh Fómhair 2023³, an 14 Bealtaine 2024⁴, an 21 Eanáir 2025⁵, an 13 Bealtaine 2025⁶ agus an 12 Meitheamh 2025⁷.
- (2) An 9 Meán Fómhair 2025 rinne an Spáinn iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún togra a dhéanamh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an plan téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh i ngeall ar imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plan téarnaimh agus athléimneachta leasaithe curtha isteach ag an Spáinn.

Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241

- (3) Na leasuithe ar an bplan téarnaimh agus athléimneachta a chuir an Spáinn isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le 17 bheart.

¹ IO L 57, 18.2.2021, lch. 17.

² ST 10150/21 INIT; ST 10150/21 ADD 1 REV 2.

³ ST 13695/23 INIT; ST 13695/23 REV 1 (ga); 13695/23 ADD 1 REV 1.

⁴ ST 9303/24 INIT; ST 9303/24 ADD 1.

⁵ ST 17099/24 INIT; ST 17099/24 ADD 1.

⁶ ST 8053/25 INIT; ST 8053/25 ADD 1.

⁷ ST 9583/25 INIT; ST 9583/25 ADD1; 9583/25 ADD 1 COR 1; ST 10408/25.

- (4) Mhínigh an Spáinn gur leasaíodh sprioc 180 de bheart C12.I1 (Spásanna sonraí earnála agus idir-inoibritheacha ardluacha) faoi chomhchuid 12 (Beartas tionsclaíoch) mar gheall ar ualach riaracháin laghdaithe a bheith le cur chun feidhme na sprice, laghdú atá nasctha le cistiú tionscadal idir-inoibritheach chun sineirgí agus gníomhaíochtaí comhlántacha a ghairiú, rud as ar eascair costáil *ex ante* laghdaithe agus an leibhéal uailmhéine céanna á choinneáil ar bun san am céanna. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 6 Iúil 2021 a leasú dá réir.
- (5) Mhínigh an Spáinn go bhfuil naoi mbeart nach féidir a bhaint amach ina n-iomláine a thuilleadh san fhoirm ina bhfuil siad faoi láthair mar gheall ar easpa éilimh nó éileamh neamhleor a bheith ann. Baineann sé sin le sprioc 223 de bheart C14.I2 (Clár digitithe agus faisnéise do chinn scribe agus d'earnáil na turasóireachta) faoi chomhchuid 14 (Turasóireacht), cloch mhíle 236 de bheart C15.I1 (Comhtháthú críochach a chur chun cinn trí líonraí a chur in úsáid: Leathnú ar leathanbhanda sárthapa), sprioc 238 de bheart C15.I2 (Nascacht a neartú i lárionaid tagartha, spreagthaí socheacnamaíocha agus tionscadail digitithe earnála), sprioc 239 de bheart C15.I3 (Dearbháin nascachta le haghaidh FBManna agus grúpaí leochaileacha), sprioc 240 de bheart C15.I4 (Athnuachan agus inbhuanaitheacht bonneagair) agus sprioc 243 de bheart C15.I6 (Cur in úsáid 5G: líonraí, athrú teicneolaíochta agus nuálaíocht) faoi chomhchuid 15 (Nascacht dhigiteach). Baineann sé sin freisin le sprioc 292 de bheart C19.I3 (Scileanna digiteacha le haghaidh fostaíochta) agus cloch mhíle 294 de bheart C19.I4 (Gairmithe digiteacha) faoi chomhchuid 19 (Scileanna digiteacha) agus sprioc 344 de bheart C23.I3 (Scileanna nua don aistriú glas, digiteach agus táirgiúil) faoi chomhchuid 23 (Beartais Phoiblí Nua le haghaidh Margadh Saothair Dinimiciúil, Athléimneach agus Cuimsitheach). Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 6 Iúil 2021 a leasú dá réir.
- (6) Mhínigh an Spáinn gur leasaíodh beart amháin mar gheall ar ualach riaracháin iomarcach a bhí ina chúis le moilleanna suntasacha ar an gcur chun feidhme. Baineann sé sin le sprioc 288 de bheart C19.I1 (Scileanna digiteacha trasnaí) faoi chomhchuid 19 (Scileanna digiteacha). Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 6 Iúil 2021 a leasú dá réir.
- (7) Tar éis na leasuithe ar bhearta faoi Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241 agus costáil *ex-ante* laghdaithe, d'iarr an Spáinn freisin go gcuirfí isteach sé bheart nua. Baineann sé sin le clocha míle 498 agus 499 d'infheistíocht C32.I1 (Soghluaisteacht agus bonneagar glasa agus inbhuanaithe), clocha míle 500 agus 501 d'infheistíocht C32.I2 (Bonneagar uisce, comhshaoil agus talmhaíochta a athbhunú), sprioc 502 d'infheistíocht C32.I3 (Deiseanna fostaíochta don lucht oibre chun na críocha a ndearna lagrach aonair mórairde (DANA) difear dóibh a atógáil agus a athbheochan go socheacnamaíoch), cloch mhíle 503 d'infheistíocht C32.I4 (Tubaistí nádúrtha a chosc agus a chomhrac: comhchuid nua na Spáinne de 'Atlantic constellation' (ESCA+ [Straitéis Slándála do Mheiriceá Láir+])), cloch mhíle 504 d'infheistíocht C32.I5 (ICEX DANA agus ICEX Aranceles) agus cloch mhíle 505 d'infheistíocht C32.I6 (scéim ICO chun tacú le cuideachtaí a ndéanann an t-athrú sa timpeallacht taraifí dhomhanda difear dóibh) faoi chomhchuid 32 (Tacaíocht don téarnamh agus don athléimneacht mar fhreagairt ar thubaistí nádúrtha). Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.
- (8) Measann an Coimisiún, leis na cúiseanna arna gcur chun cinn ag an Spáinn go bhfuil údar maith leis an leasú/na leasuithe de bhun Airteagal 21(2) de Rialachán (AE) 2021/241, agus gur cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 6 Iúil 2021 a leasú dá réir.

Measúnú an Choimisiúin

- (9) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

Rannchuidiú leis an aistriú glas lena n-áirítear an bhithéagsúlacht

- (10) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) ó thaobh an aistrithe ghlais de, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as sin. An méid airgid a ghabhann leis na bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide, 40 % de leithdháileadh iomlán an phlean leasaithe atá ann, agus 75 % de costas iomlán measta na mbeart sa chaibidil REPowerEU atá ann, costais arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2021/241, tá an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide 2021-2030.
- (11) Baineann na leasuithe ar an ranníocaíocht leis an aistriú glas leis an laghdú ar an leithdháileadh le haghaidh bheart C2.I4 (Clár athghiniúna agus dúshlán déimeagrafach) faoi chomhchuid 2 (Cur chun feidhme Chlár Oibre Uirbeach na Spáinne: Plean Athshlánúcháin agus Athghiniúna Uirbigh) agus beart C23.I3 (Scileanna nua don aistriú glas, digiteach agus táirgiúil) faoi chomhchuid 23 (Beartaís Phoiblí Nua le haghaidh Margadh Saothair Dinimiciúil, Athléimneach agus Cuimsitheach). Na leasuithe ar an ranníocaíocht leis an aistriú glas, baineann siad freisin leis an leithdháileadh le haghaidh bhearta nua C32.I1 (Soghluaisteacht agus bonneagar glas agus inbhuanaithe) agus C32.I2 (Bonneagar uisce, comhshaoil agus talmhaíochta a athbhunú) faoi chomhchuid 32 (DANA). Ar an iomlán, de bharr na ndifríochtaí in ábhar clibeála aeráide an bhirt mhéadaithe agus na mbeart laghdaithe, tá glan-mhéadú ar an ranníocaíocht fhoriomlán 0.1 % go 40 % ó 39.9 % le sprioc aeráide an phlean i gceist leis na leasuithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne. Ní dhéanann raon teoranta na leasuithe difear do mheasúnú foriomlán an chritéir seo.

Rannchuidiú leis an aistriú digiteach

- (12) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) leis an aistriú digiteach nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as. Is éard atá sna bearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha méid arb ionann é agus 25.6 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe, arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241.
- (13) Baineann na leasuithe ar an ranníocaíocht leis an aistriú digiteach leis an laghdú ar an leithdháileadh le haghaidh bhearta C15.I1 (Comhtháthú críochach a chur chun cinn trí líonraí a chur in úsáid: Leathnú leathanbhanda sárthapa), C15.I2 (Nascacht a neartú i lárionaid tagartha, spreagthaí socheacnamaíocha agus tionscadail digitithe earnála), C15.I3 (Dearbháin nascachta le haghaidh FBManna agus grúpaí leochaileacha), C15.I6 (Cur in úsáid 5G: líonraí, athrú teicneolaíochta agus nuálaíocht) faoi chomhchuid 15 (Nascacht dhigiteach), bearta C19.I1 (Scileanna digiteacha trasnaí), C19.I3 (Scileanna digiteacha le haghaidh fostaíochta) agus C19.I4 (Gairmithe

digiteacha) faoi chomhchuid 19 (Scileanna digiteacha), agus beart C23.I3 (Scileanna nua don aistriú glas, digiteach agus táirgiúil) faoi chomhchuid 23 (Beartais Phoiblí Nua le haghaidh Margadh Saothair Dinimiciúil, Athléimneach agus Cuimsitheach) chomh maith le beart C15.I4 (Athnuachan agus inbhuanaitheacht bonneagair) faoi chomhpháirt 15 (Nascacht dhigiteach) a bhaint.

- (14) Na leasuithe ar an ranníocaíocht leis an aistriú digiteach, baineann siad freisin leis an leithdháileadh ar bhearta nua C32.I2 (Bonneagar uisce, comhshaoil agus talmhaíochta a athbhunú) agus C32.I4 (Tubaistí nádúrtha a chosc agus a chomhrac: comhchuid nua na Spáinne de ‘Atlantic constellation’ (ESCA+ [Straitéis Slándála do Mheiriceá Láir+])), faoi chomhchuid 32 (DANA). Ar an iomlán, de bharr na ndifríochtaí in ábhar clibeála aeráide an bhirt mhéadaithe agus na mbeart laghdaithe, tá glan-laghdú ar an ranníocaíocht fhoriomlán 0.2 % go 25.6 % ó 25.8 % le sprioc dhigiteach an phlean i gceist leis na leasuithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne. Ní dhéanann raon teoranta na leasuithe difear do mheasúnú foriomlán an chritéir seo.

Costáil

- (15) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (i), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.9 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, an t-údar a thugtar sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe maidir le méid an chostais iomláin mheasta a bhaineann leis an bplean, tá an t-údar sin measartha maidir lena réasúnta agus a inchreidte atá sé (rátáil B), tá sé i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.
- (16) Tá méid an chostais iomláin mheasta an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe i gcomhréir le nádúr agus cineál na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí atá beartaithe. Dá bhrí sin, meastar gur réasúnta agus inchreidte iad na meastacháin chostais le haghaidh fhormhór na mbeart sa phlean leasaithe. Tá faisnéis agus fianaise leordhóthanach curtha ar fáil ag an Spáinn nach gcumhdaítear méid an chostais iomláin mheasta le maoiniú ón Aontas atá ann cheana nó atá beartaithe. Ar deireadh, tá costas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta. Dá bhrí sin, tá údar le rátáil B i gcás an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe.

Aon chritéir mheasúnaithe eile

- (17) Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a chuir an Spáinn chun cinn difear don mheasúnú dearfach ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle ST 10150/21 INIT; ST 10150/21 ADD 1 REV 2 an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne i ndáil le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3), pointí (a), (b), (c), (d), (da), (db), (g), (h), (i), (j) agus (k).

Measúnú dearfach

- (18) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún maidir leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe, measúnú inar cinneadh go gcomhlíonann an plean go sásúil na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a chur chun feidhme, ba cheart iad a leagan

amach, iad sin agus na clocha míle, na spriocanna agus na táscairí ábhartha, maille leis an méid a chuirfidh an tAontas ar fáil i bhfoirm tacaíochta airgeadais neamh-iníoctha le haghaidh chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe.

- (19) Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin ón gComhairle a ionadú go hiomlán,

Ranníocaíocht airgeadais

- (20) Is é EUR 79 869 593 473 costais iomlána mheasta phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Spáinne. Ós rud é go bhfuil méid chostais iomlána mheasta an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe atá ar fáil don Spáinn, an ranníocaíocht airgeadais iomlán arna cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 4a de Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁸, Airteagal 20(4) agus Airteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241 arna leithdháileadh ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Spáinne, ba cheart gurb é EUR 79 854 183 024 an ranníocaíocht sin. Dá bhrí sin, níl aon athrú ar an ranníocaíocht airgeadais a cuireadh ar fáil don Spáinn.

Iasachtaí

- (21) Níl aon athrú ar an tacaíocht iasachta a chuirtear ar fáil don Spáinn dar luach EUR 83 160 060 000.
- (22) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ST 10150/2021 INIT, ST 10150/2021 ADD 1 REV 2 ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne a leasú dá réir sin. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin ón gComhairle a ionadú go hiomlán.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne mar seo a leanas:

- (1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

‘Airteagal 1

Formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta

Formheastar an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na Spáinne a rinneadh ar bhonn na gcrítear dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241. Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta atá ann faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta, na socruithe agus an t-amchlár i ndáil le faireachán a dhéanamh ar an bplean agus é a chur chun feidhme, lena n-áirítear na clocha míle agus na spriocanna ábhartha, na táscairí ábhartha a bhaineann le comhlíonadh na gcloch míle agus na spriocanna beartaithe, agus na socruithe maidir le rochtain iomlán ar na bunsonraí ábhartha a sholáthar don Choimisiún.’;

⁸ Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit (IO L 357, 8.10.2021, lch. 1).

(2) cuirtear an téacs san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne.

Airteagal 2
Seolai

Is chuig Ríocht na Spáinne a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán